

COMHAIRLE CHONTAE SHLIGIGH IARRATAS AR THACAÍOCHT TITHÍOCHT SHÓISIALTA

SEICLIOSTA D'IARRATASÓIRÍ

IARRATASÓIR (1): _____

Uimh. Thag.: _____

IARRATASÓIR (2) _____

***Cinntigh go bhfuil na doiciméid go léir a chuirtear isteach aistrithe go Béarla ag aistritheoir oifigiúil.**

Tabhair d'aire nach nglacfar ach le hiarratas **BAILÍ**. I gcás in bhfágtar aon cheann de na míreanna atá liostaithe **thíos** ar lár measfar an t-iarratas a bheith **NEAMHBHAILÍ** agus cuirfear é mar aon leis na doiciméid ar fad ar ais chugatsa, an t-iarratasóir.

Roimh duit iarratas a chur isteach, cinntigh go gcomhlíonann tú na Critéir seo a leanas

- Tá tú 18 mbliana d'aois nó os a cionn.
- Tá cóir thithíochta de dhíth ort.
- Níl tú in ann tithíocht a sholáthar ó do chuid acmhainní féin.
- Más duine singil thú, ní cead do ghlanioncam a bheith os cionn €25,000.
- Más lánúin sibh, ní cead bhur gcomhioncam a bheith os cionn €26,250 – Tairseach uasta ioncain 3 duine fásta & 4 Leanbh €30,000

D'Úsáid Oifigiúil Amháin

Faighte Ag/Bailíochtaíthe Ag: _____ Dáta: ___/___/___ Neamhbhailí Curtha ar ais an: ___/___/___
Logáilte Ag: _____ Dáta: ___/___/___

✓ / N/B
(1) (2)

1. Foirm Iarratais ar Thithíocht atá comhlánaithe ina hiomláine.
2. Cóip de phas, de cheadúnas tiomána nó de dhoiciméid eile ina bhfuil grianghraf (**maidir le gach duine os cionn 18 mbliana**).
3. **Ní ghlacfar ach le** Teastas Breithe Fada do gach duine a bhfuil cóiríocht á lorg ina leith.
4. Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhreacha PSP) i leith gach duine, lena n-áirítear leanaí a bhfuil cóiríocht á lorg ina leith, m.sh. Cártaí Leighis, Duillíní/Cártaí Leasa Shóisialaigh srl.
5. Cruthúnas ar sheoladh reatha an iarratasóra/ na gcomh-iarratasóirí araon (bille fónais, léas nó comhaontú tionóntachta).
6. Ráitis Bhainc ar a dtaispeántar **Ainm & Seoladh** an iarratasóra /na gcomh-iarratasóirí araon (**le sé mhí anuas**)
7. Mura bhfuil tú i do chónaí i limistéar an údaráis áitiúil, tabhair fianaise ar an mbaint atá agat leis an limistéar, le do thoil (**tá soiléiriú le fáil ar Leathanach 2 den Fhoirm Iarratais, Pointe 11**).
8. **FIANAISE AR IONCAM:**
 - a) **Má tá tú fostaithe:** Cuir isteach P60 le do thoil agus/nó 4 dhuillín pá ar a laghad as na 6 dhuillín pá is déanaí a eisíodh.
 - b) **Má tá tú féinfhostaithe:** Cuir isteach cuntas 2 bhliain ar a laghad mar aon le Tuarascáil Iniúchóra nó Tuarascáil Iniúchóra mar aon le ráiteas comhardaithe cánach atá cothrom le dáta agus admháil ar réamhcháin.
 - c) **Ráiteas a eisíodh le déanaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar na sochair árachais shóisialaigh agus na híocaíochtaí, liúntais agus pinsin cúnaimh shóisialaigh uile atá á bhfáil ag daoine den teaghlach**
9. Mionnscribhinn chomhlánaithe maidir le talamh a chur isteach i ndáil leis an gcaoi ar caitheadh na fáltais ón talamh/maoin a dhíol (**más infheidhme**).
10. Dearbhú Agallaimh (**atá le síniú ag gach páirtí atá os cionn 18 mbliana**).
11. Foirm **HPL1** chomhlánaithe maidir le húinéireacht maoin atá stampáilte ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncain don iarratasóir/ don chomh-iarratasóir. (**Ní mór an dá thaobh den fhoirm a chomhlánú má tá iarratas á dhéanamh i gcomhainmneacha**).
12. Cruthúnas ar **dhuine ar bith** atá ag gabháil don oideachas go lánaimseartha (**Litir ón Scoil nó ón gColáiste**).
13. Cóip den Deimhniú Pósta (**Nóta: bíonn sé seo ag teastáil má tá tá tú idirscartha ach mura bhfuil tú idirscartha ó thaobh dlí de**).

Thall→

COMHAIRLE CHONTAE SHLIGIGH IARRATAS AR THACAÍOCHT TITHÍOCHT SHÓISIALTA

SEICLIOSTA D'IARRATASÓIRÍ

IARRATASÓIR (1): _____

Uimh. Thag.: _____

IARRATASÓIR (2) _____

✓ / N/B
(1) (2)

14. Ní mór do dhaoine a bhfuil cúnaimh tithíochta á lorg acu mar gheall ar chúinsi leighis litir ó Chomhairleoir a sholáthar ina ndéantar cur síos ar an riocht agus ar an tionchar atá aige ar a riachtanais tithíochta.
15. Tuarascáil ó Theiripeoir Saothair maidir le haon riachtanais chóiríochta ar leith.
16. Cóip den Chomhaontú Tionóntachta **NÓ** litir ón Tiarna Talún ina sonraítear an méid seo a leanas:
- **Seoladh na Maoine.**
 - **Túsdáta na Tionóntachta.**
- **Cíos sa tSeachtain.**
• **Cuntas Cíosra Glan.**
17. Cruthúnas ar Liúntas Ciosa (**glacfar le litir ón Oifigeach Leasa Pobail**).
18. Má bhí tú féin nó aon duine den teaghlach in bhur dtionónta údarás áitiúil **roimhe seo**, tabhair litir ón údarás áitiúil ina raibh cónaí ortsa nó ar an duine den teaghlach ina leagtar amach na sonraí maidir leis an tionóntacht roimhe seo. Ba cheart a áireamh sa litir sin, tréimhse na tionóntachta, an fáth gur fhág tú, fianaise ar chuntas cíosra glan srl.
19. Fianaise ar chuntas cíosra glan maidir le do thionóntacht deiridh/Litir ón tiarna talún.
20. Cóip d'aon ordú cúirte ina n-ordaítear do chóiríocht láithreach a fhágáil agus/nó Fógra Fágála.
21. I gcásanna ina maíonn an t-iarratasóir nach féidir cónaí in áras an teaghlaigh a thuilleadh, beidh ar dhaoine cruthúnas a chur isteach go bhfuil siad gan dídean .i. ina gcónaí i mbrú do dhaoine gan dídean, nó tuairisc ón nGarda Síochána/Oibrí Sóisialta ina leagtar amach cúinsí eisceachtúla a fhágann nach féidir fillleadh ar áras do theaghlaigh (**ní ghlacfar le doiciméid eile**).
22. Cóip den chomhaontú Idirscartha/Colscartha don iarratasóir.
- a) Caithfear a shonrú sa chomhaontú:
- An méid cothabhála atá á fáil nó atá á híoc ag an iarrthóir.
 - Na cúinsí faoina bhféadfar na hiocaíochtaí cothabhála a stopadh.
 - Nach bhfuil aon choinníollacha dochraideacha ann.
 - An staid dhlíthiúil maidir le háras an phósta agus/nó sócmhainní an phósta.
- NÓ**
- b) Mura bhfuil comhaontú ann, caithfear litir ó aturnae an iarratasóra a áireamh san iarratas. Ba cheart a dheimhniú sa litir:
- Nach bhfuil aon chomhaontú idirscartha foirmiúil ann.
 - Nach bhfuil aon imeachtaí cúirte ar feitheamh faoin reachtaíocht maidir le dlí teaghlaigh.
 - An staid maidir le cothabháil agus íocaíochtaí eile.
 - An staid dhlíthiúil maidir le háras an phósta agus/nó sócmhainní an phósta.
23. Mionnscríbhinn chomhlánaithe maidir le hiocaíochtaí idirscartha/cothabhála i dteannta fianaise ar íocaíochtaí le 12 mhí anuas m.sh. ráitis bhainc / litir ó na cúirteanna.
24. (a) Cóip den Ordú Rochtana/Caomhnóireachta maidir le leanaí ar bith atá le háireamh san iarratas ach nach bhfuil cónaí orthu in éineacht leat faoi láthair.
- (b) Soiléiriú maidir le coimeád / leamhnú do leanbh (leanaí), má thángthas ar chomhaontú faoi rochtain go cairdiúil gann rannpháirtíocht na cúirte, tabhair cruthúnas ar shocruithe foirmiúla rochtana ón tuismitheoir eile maidir le cearta cuairte. Ba cheart a áireamh sna doiciméid sin sonraí teagmhála an tuismitheora eile i seoladh Uimh Theil srl Déanfaidh an Oifig Tithíochta an fhaisnéis a fhiórú
25. **Cruthúnas saoránachta nó cead cónaithe in Éirinn:**
- a) Ba cheart fianaise a thabhairt ar Fhormhuiniú Stampa Inimirce le haghaidh Stampa 4 a bheith ar phas ar feadh 5 bliana.
26. **Ní mór do náisiúnaigh nach Éireannaigh iad cruthúnas i scríbhinn a thabhairt ar an méid seo a leanas:**
- a) cóiríocht roimhe sin sa tír arb as dóibh nó a n-áit cónaithe roimh dóibh teacht go hÉirinn. Is féidir an méid sin a fháil ó údarás bardasach na tíre lena mbaineann.
- AGUS**
- b) nach sealbhaíonn siad nó nár shealbhaigh siad maoin ó údarás coibhéiseach na tíre arb as dóibh nó aon tíre ina raibh cónaí orthu roimh dóibh teacht go hÉirinn. Is féidir an méid sin a fháil ó údarás bardasach na tíre lena mbaineann.
27. Foirm Toilithe (**más infheidhme**).